2025/1566

30.7.2025

RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2025/1566 ÓN gCOIMISIÚN

an 29 Iúil 2025

lena leagtar síos rialacha maidir le cur i bhfeidhm Rialachán (AE) Uimh. 910/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le caighdeáin tagartha chun céannacht agus tréithe an duine a bhfuil an deimhniú cáilithe nó an ríomhdhearbhú tréithe cáilithe le heisiúint dó a fhíorú

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) Uimh. 910/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Iúil 2014 maidir le ríomh-shainaitheantas agus seirbhísí iontaoibhe le haghaidh ríomh-idirbheart sa mhargadh inmheánach agus lena n-aisghairtear Treoir 1999/93/CE ([1]), agus go háirithe Airteagal 24(1c) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Ceanglaítear le hAirteagal 24 de Rialachán (AE) Uimh. 910/2014 go bhfíoróidh soláthraithe cáilithe seirbhísí iontaoibhe céannacht agus, más infheidhme, aon tréith sonrach a bhaineann le duine nádúrtha nó dlítheanach agus deimhnithe cáilithe nó ríomhdhearbhuithe tréithe cáilithe á n-eisiúint acu don duine sin.

(2) Chun cóir chomhionann agus an cumas muinín a bheith acu as toradh na bpróiseas fíorúcháin a áirithiú, ba cheart do gach soláthraí cáilithe seirbhísí iontaoibhe fíoruithe a dhéanamh ar bhealach coibhéiseach agus deimhniú cáilithe nó ríomhdhearbhú tréithe cáilithe á n-eisiúint acu. I gcomhréir le cuspóirí Rialachán (AE) Uimh. 910/2014, roghnaíodh roinnt caighdeán chun na ceanglais shonracha sin a chomhlíonadh. Ba cheart na caighdeáin sin a bheith ina léiriú ar chleachtais sheanbhunaithe agus ba cheart iad a aithint go forleathan laistigh de na hearnálacha ábhartha. Ba cheart na caighdeáin sin a oiriúnú chun rialuithe breise a áireamh lena n-áirithítear slándáil agus iontaofacht na seirbhíse iontaoibhe cáilithe, agus idir-inoibritheacht trasteorann agus feidhmiú éifeachtach an mhargaidh inmheánaigh á n-éascú san am céanna.

(3) Ba cheart idirthréimhse leordhóthanach a chur ar fáil do sholáthraithe cáilithe seirbhísí iontaoibhe ionas go mbeidh siad in ann ceanglais Rialachán (AE) Uimh. 910/2014 a chomhlíonadh. D'fhonn tréimhse ama leordhóthanach a áirithiú chun iniúchadh a dhéanamh ar sholáthraithe seirbhísí iontaoibhe maidir le ceanglais an Rialacháin seo a chomhlíonadh, ba cheart feidhm a bheith ag an Rialachán seo ó 24 mhí ón dáta a dtiocfaidh sé i bhfeidhm.

(4) Déanann an Coimisiún measúnú tráthrialta ar theicneolaíochtaí, cleachtais, caighdeáin nó sonraíochtaí teicniúla nua. I gcomhréir le hAithris 75 de Rialachán (AE) 2024/1183 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([2]), ba cheart don Choimisiún an Rialachán seo a athbhreithniú agus a thabhairt cothrom le dáta, más gá, chun é a choimeád i gcomhréir le forbairtí domhanda, le teicneolaíochtaí nua, le caighdeáin nó sonraíochtaí teicniúla agus chun na dea-chleachtais ar an margadh inmheánach a leanúint.

(5) Tá feidhm ag Rialachán (AE) 2016/679 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([3]) agus, i gcás inarb ábhartha, ag Treoir 2002/58/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([4]) maidir leis na gníomhaíochtaí próiseála sonraí pearsanta faoin Rialachán seo.

([1]) IO L 257, 28.8.2014, lch. 73, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2014/910/oj.

([2]) Rialachán (AE) 2024/1183 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Aibreán 2024 lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 910/2014 a mhéid a bhaineann leis an gCreat Eorpach um Chéannacht Dhigiteach a bhunú (IO L, 2024/1183, 30.4.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2024/1183/oj).

([3]) Rialachán (AE) 2016/679 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 27 Aibreán 2016 maidir le daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin, agus lena n-aisghairtear Treoir 95/46/CE (An Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí) (IO L 119, 4.5.2016, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2016/679/oj).

([4]) Treoir 2002/58/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 12 Iúil 2002 maidir le sonraí pearsanta a phróiseáil agus maidir le príobháideachas a chosaint san earnáil cumarsáide leictreonaí (an Treoir maidir le príobháideachas agus cumarsáid leictreonach) (IO L 201, 31.7.2002, lch. 37, ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/2002/58/oj).

(6) Chuathas i gcomhairle leis an Maoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí i gcomhréir le hAirteagal 42(1) de Rialachán (AE) 2018/1725 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([5]) agus thug an Maoirseoir tuairim an 6 Meitheamh 2025.

(7) Tá na bearta dá bhforáiltear sa Rialachán seo i gcomhréir le tuairim an choiste a bunaíodh le hAirteagal 48 de Rialachán (AE) Uimh. 910/2014,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leagtar amach na caighdeáin tagartha agus na sonraíochtaí dá dtagraítear in Airteagal 24(1c) de Rialachán (AE) Uimh. 910/2014 san Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo.

Airteagal 2

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh feidhm ag an Rialachán seo ón 19 Lúnasa 2027.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 29 Iúil 2025.

Thar ceann an Choimisiúin
An tUachtarán
Ursula VON DER LEYEN

([5]) Rialachán (AE) 2018/1725 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Deireadh Fómhair 2018 maidir le daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil ag institiúidí, comhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí an Aontais agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin, agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 45/2001 agus Cinneadh Uimh. 1247/2002/CE (IO L 295, 21.11.2018, lch. 39, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2018/1725/oj).

IARSCRÍBHINN

Caighdeán tagartha chun céannacht agus tréithe na ndaoine a bhfuil deimhniú cáilithe nó ríomhdhearbhú tréithe cáilithe le heisiúint dóibh a fhíorú

Tá feidhm ag caighdeán ETSI TS 119461 V2.1.1 (2025-02) maidir le comhréireacht le clásal C.3 d'Iarscríbhinn C, leis na hoiriúnuithe seo a leanas:

(1) 2.1 Tagairtí normatacha

— [1] ETSI EN 319 401 V3.1.1 (2024-06): 'Ríomhshínithe agus Bonneagair Iontaoibhe (Ríomhshínithe agus Ríomhbhonneagair – ESI); Ceanglais Bheartais Ghinearálta le haghaidh Soláthraithe Seirbhísí Iontaoibhe'.

(2) C.3 Cásanna úsáide chun deimhniú cáilithe nó ríomhdhearbhuithe tréithe cáilithe a eisiúint i gcomhréir le hAirteagal 24(1), (1a) agus (1b) de Rialachán (AE) Uimh. 910/2014

— [COINNÍOLLACH] QTS-C3-01: Má dhéantar fíorú céannachta le haghaidh deimhniú cáilithe nó ríomhdhearbhú cáilithe i gcomhar le fíorú céannachta chun fianaise údarásach a eisiúint, déanfar an méid seo a leanas leis an bpróiseas fíoraithe céannachta sin:

— beidh athbhreithniú piaraí déanta air nó beidh sé deimhnithe ag comhlacht creidiúnaithe um measúnú comhréireachta chun leibhéal dearbhaithe ard a chomhlíonadh i gcomhréir le Rialachán (AE) Uimh. 910/2014, nó

— comhlíonfaidh sé na ceanglais a leagtar amach i gclásail C3.1 go C3.6.

(3) C.3.4 Cás úsáide chun céannacht a phromhadh trí mhodhanna sainaitheantais eile

— QTS-C.3.4-06A: Déanfar an comhlacht neamhspleách um measúnú comhréireachta dá dtagraítear in [COINNÍOLLACH] QTS-C.3.4-06, pointe c) a chreidiúnú de réir Airteagal 3 (18) de Rialachán (AE) Uimh. 910/2014, agus, má chomhlíontar na ceanglais uile is infheidhme, ba cheart deimhniú comhlíontachta bunaithe ar iniúchadh deimhniúcháin a bheith mar thoradh ar an measúnú. Beidh an próiseas deimhniúcháin foirmiúil sin bunaithe ar phróiseas meastóireachta slándála a thagraíonn do na leibhéil dearbhaithe a shainítear le haghaidh modhanna ríomh-shainaitheantais ar tugadh fógra ina leith nó Tiachóga Eorpacha Céannachta Digití deimhnithe faoi Rialachán (AE) Uimh. 910/2014 agus áireofar leis diantástáil chun meastóireacht a dhéanamh ar fhrithsheasmhacht in aghaidh bagairtí slándála a d'fhéadfadh a bheith ann. Úsáidfear caighdeáin theicniúla ábhartha sna meastóireachtaí sin chun stóinseacht i gcoinne ionsuithe den sórt sin a léiriú.

(4) 9.2.3.4 Cás úsáide le haghaidh oibriú uathoibrithe

— USE-9.2.3.4-04: Bunóidh an Soláthraí Seirbhíse Promhaidh Céannachta (IPSP) spriocluachanna do ráta bréagdheimhniúcháin (FAR) agus do ráta bréagmheaitseála (FRR), bunaithe ar anailís riosca agus ar a nós imeachta maidir le faisnéis faoi bhagairtí, tríd an modheolaíocht a bunaíodh i dtuarascáil Ghníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Chibearshlándáil (ENISA) 'Modheolaíocht le haghaidh measúnuithe earnála cibearshlándála' [i.28] nó modheolaíocht choibhéiseach a leanúint, i bpróisis promhaidh céannachta atá go hiomlán uathoibrithe. Beidh na spriocluachanna sin cothrom leis na spriocluachanna a shocraítear le haghaidh cásanna úsáide hibridí, nó níos ísle ná iad, nuair is ann dóibh. Coinneoidh IPSP na spriocluachanna sin le haghaidh FAR agus FRR go comhsheasmhach, le tacaíocht ó anailís riosca agus a nós imeachta faisnéise maidir le bagairtí.

(5) 8.3.3 Doiciméad céannachta fhisiceach a bhailíochtú

— VAL-8.3.3-21: Déanfaidh saotharlann chreidiúnaithe nó údarás inniúil náisiúnta tástáil ar éifeachtacht na mbeart chun ceanglais VAL-8.3.3-05X, VAL-8.3.3-05A, VAL-8.3.3-05C, VAL-8.3.3-07A agus VAL-8.3.3-07X a chomhlíonadh, aon uair a ainmneofar iad, faoin 19 Lúnasa 2027 ar a dhéanaí agus déanfar arís í gach dara bliain.

(6) 7.12. Foirceannadh agus pleananna foirceanta

— OVR-7.12-02: Comhlíonfaidh an plean foirceanta na ceanglais a leagtar amach sna gníomhartha cur chun feidhme arna nglacadh de bhun Airteagal 24(5) de Rialachán (AE) Uimh. 910/2014 [i.1]